Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chúil a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta am ar bith riocht airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair mar is ceart.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, tá ar an Bhord:

- (a) na polasaithe caighdeánacha cuntasáíochta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- (c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú

I rith 2023 d'fhaomh an Bord na nithe seo a leanas:

- Glacadh na Tuarascála Bliantúla
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh an Phlean Seirbhíse Bliantúil
- Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha

- Fáil, gabháil agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

### 1.3 Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2023

<b>Príomhfheidhmeannach:</b> Anne McHugh, Uasal
---

<b>Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall</b>		
<b>Ainm</b>	<b>Ainmníocht</b>	<b>Comhlacht Ainmniúcháin</b>
An Clr Michael McBride	Cathaoirleach	Comhairle Contae Dhún na nGall
An tUasal Patsy McVicar	Leaschathaoirleach	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí

<b>An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca</b>		
<b>Ainm</b>	<b>Ainmníocht</b>	<b>Comhlacht Ainmniúcháin</b>
An tUasal Francis Coyle	Cathaoirleach	Comhalta Seachtrach

<b>An Coiste Airgeadais</b>		
<b>Ainm</b>	<b>Ainmníocht</b>	<b>Comhlacht Ainmniúcháin</b>
An tUasal Patsy McVicar	Cathaoirleach	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí

### Ionadaíocht agus Cruinnithe

- Is é téarma oifige ETB Dhún na nGall ná cúig bliana (2019 -2024).

- Buailleann an Bord le chéile go rialta - thart ar uair amháin gach sé seachtaine. In 2023, tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire agus ina theannta sin, bhuail sé le Comhaltaí an Oireachtais
- Toghtar an Cathaoirleach agus an Leasathaoirleach go bliantúil de ghnáth.
- Ceapann ETB Dhún na nGall ceathrar dá Chomhaltaí Boird nó ionadaithe ar gach Bord Bainistíochta de chuid scoileanna agus coláistí ETB Dhún na nGall do théarma oifige cúig bliana an Bhoird.
- Suíonn comhaltaí fosta ar choistí éagsúla an Bhoird, go príomha an Coiste Óige, an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus an Coiste Airgeadais.

#### 1.4 Comhdhéanamh an Bhoird

Tá 21 comhalta ar an Bhord a thoghtar faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 mar seo a leanas:

Tá 21 Comhalta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus toghtar dáréag acu i ndiaidh na dtoghchán údaráis áitiúil, beirt bhaill foirne tofa, beirt ionadaithe tuismitheoirí tofa agus ceaptar an cúigear comhalta eile ag éirí as ainmniúcháin ó chomhlachtaí agus eagraíochtaí sainspéise nó eolas ar oideachas mar a shonróidh an tAire Oideachais. Tagann an Bord le chéile go rialta chun a chuid feidhmeanna forchoimeáda faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 a chomhlíonadh.

#### 1.5 Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe den Bhord in 2023

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí tinrimh sa tábla thíos.

Ainm an Chomhalta	Comhlacht Ainmniúcháin	24/02/23	30/03/23	15/05/23	26/06/23	11/09/23	Oireacht as 06/11/23	11/12/23	Total
<b>12 Comhalta tofa ag Toghcháin Údaráis Áitiúil faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall Alt 30 (I) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013</b>									
An Clr Albert Doherty	CCDG	✓	✓	✓		✓	✓		5/7
An Clr Gary Doherty	CCDG			✓	✓	✓	✓		4/7
An Clr Rena Donaghey	CCDG	✓	✓	✓	✓		✓	✓	6/7
An Clr Martin Farren	CCDG		✓		✓	✓	✓	✓	5/7
*An Clr Noreen McGarvey RIP	CCDG		✓	✓	✓	✓			4/7
An Clr Martin Harley	CCDG		✓		✓		✓	✓	4/7
An Clr Donal Coyle	CCDG	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An Clr Michael McBride	CCDG	✓		✓	✓	✓	✓	✓	6/7
An Clr Noel Jordan	CCDG					n/a	n/a	n/a	0/7
**An Clr Terry Crossan	CCDG	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	0	0/7

An Clr John O'Donnell	CCDG		✓						1/7
An Clr Barry Sweeny	CCDG	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An Clr John Seamus Ó Fearraigh	CCDG		✓	✓	✓		✓	✓	5/7
<b>Beirt Chomhaltaí atá ina mbaill foirne. Alt 30 (I) (b) Baill Foirne tofa</b>									
An tUasal Barry Molloy	Ainmní Foirne	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
Joanne Donaghy, Uasal	Ainmní Foirne	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
<b>Beirt Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad. Alt 30 (I) (c) ainmnithe ag Cumann na dTuismitheoirí</b>									
An tUasal Geoffrey Browne ****	Ainmní Tuismitheora	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
Lorraine Doherty, Uasal	Ainmní Tuismitheora	✓		✓					2/7
<b>5 Comhaltaí arna gceapadh de réir Alt 30(I) (d) fho-alt (11) Ó Chomhlachtaí Ainmnithe a bhfuil sainleasanna/réimsí acu mar atá sonraithe ag an Aire</b>									
An tUasal Patsy McVicar	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí	✓	✓	✓	✓	✓	✓		6/7
Lorraine Thompson, Uasal	Obair d'Ógra Éireann	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7/7
An tUasal Gerard Grant	CGFÉ	✓					✓		2/7
An tUasal Brian McDermott	Institiúid Aíochta na hÉireann					n/a	n/a	n/a	0/7
Regina Grant, Uasal	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas		✓	✓	✓	✓	✓		5/7
***An Dr Conor McTiernan	Institiúid Aíochta na hÉireann	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a	✓	1/7

\* Bhí an Clr Noreen McGarvey, RIP, ina Comhalta de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus ina Comhalta de Bhord Bainistíochta Ghairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór ó toghadh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall í in 2019 go dtí an 28 Nollaig 2023.

\*\*An Clr Terry Crossan: A tháinig in áit an Clr Noel Jordan, Údarás Áitiúil CCDG ar an 11 Nollaig 2023

\*\*\*An Dr Conor McTiernan: A tháinig in áit an tUasal Brian McDermott, Institiúid Aíochta na hÉireann 11 Nollaig 2023

## 2. Coistí an Bhoird

### 2.1 An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile ceithre huairé i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Comhalta	Comhalta Inmheánach/S eachtrach	21/02/2023	20/03/2023	11/10/2023	5/12/2023	Líon Iomlán na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu
An tUasal Francis Coyle (Cathaoirleach)	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUasal Gabriel O'Donnell	Seachtrach	✓		✓	✓	3/4
An tUasal Kevin Huston	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An Clr Michael McBride	Inmheánach		✓		✓	2/4
Lorraine Thompson, Uasal	Inmheánach	✓	✓	✓		3/4
An tUasal Gerard Grant	Inmheánach	✓	✓		✓	3/4
Kathleen Bonner, Uasal	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4



## 2.2 An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

Comhalta	Comhalta Inmheánach / Seachtrach	23/02 /2023	20/03/20 23	19/09/20 23	18/12/2 023	Líon Iomlán na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu
An tUasal Patsy McVicar (Cathaoirleach)	Inmheánach	✓	✓	✓		3/4
An tUasal Conall Dunne	Seachtrach	✓	✓	✓	✓	4/4
An tUasal Seamus Bradley	Seachtrach			✓	✓	2/4
Regina Grant, Uasal	Inmheánach	✓		✓	✓	3/4
An Clr Gary Doherty	Inmheánach			✓		1/4
An Clr Martin Harley	Inmheánach		✓		✓	2/4
Mary Doogan, Uasal	Seachtrach	✓	✓		✓	3/4

## 2.3 An Coiste um Obair don Ógra

Leagann an Coiste um Obair don Ógra Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a bunaíodh ar feadh Tréimhse Oifige an Bhoird faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ('an tAcht'), amach feidhmeanna gach Bord Oideachais agus Oiliúna ('ETB'). Tá foráil d'fheidhm an Choiste um Obair don Ógra d'ETB i bhfo-alt (j), is é sin chun: "tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú ar sheirbhísí oibre don ógra ina réimse feidhme agus cibé eolais a sholáthar a d'fhéadfadh an tAire Leanáí agus Gnóthaí Óige a iarraidh i dtaca leis an tacaíocht."

Éascaíonn bunú Coiste um Obair don Ógra cuntasáocht na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin go léir atá déanta maidir le hobair don ógra le bheith tuairiscithe don Choiste um Obair don Ógra. Dá réir sin, is é an t-aon fheidhm atá ag an Choiste um Obair don Ógra a cuireadh ar bun de réir an Achta ná feidhmeanna a dhéanann foireann an ETB maidir le hobair don ógra a chur san áireamh.

Tháinig an Coiste um Obair don Ógra ETB Dhún na nGall le chéile dhá uair in 2023.

<b>Ainm an Chomhalta</b>	<b>Comhaltas Inmheánach/Seachtrach</b>
Geoffrey Browne, Cathaoirleach Gina Grant An Clr Donal Coyle	ETB Dhún na nGall
Lorraine Thompson, Leaschathaoirleach	Seirbhís Óige Dhún na nGall
Claire Gavigan	Foróige
Beirt scoláirí a cheaptar gach bliain	Comhairle Óige Dhún na nGall
Kevin Ferguson	Cumann Gasóg na hÉireann
An Cigire Seamus McGonigle	An Garda Síochána
Martin Keeney	TUSLA
Donal McBride	Muintearas
Martin Mongan	Involve CLG (Seirbhís Óige don Lucht Siúil Óg)

### **3. Bainistíocht Riosca**

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar Bhainistíocht Riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2023. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht le clár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cuidiú ina fheidhm bainistíochta riosca ón Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

#### **3.1 Córais rialaithe inmheánaigh**

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach agus go gcuimsítear an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, a d'fhéadfaí a athrú go dtí go gcríochnófar an iniúchóireacht sheachtrach, sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2023 a bheidh foilsithe taobh istigh de mhí amháin i ndiaidh d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste é a fháil agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

#### **3.2 Beartas agus nósanna imeachta soláthair**

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an bheartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorporáidigh.

### **3.3 Cánachas**

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon ETB Dhún na nGall a oibleagáidí faoin dlí cánach.

### **3.4 Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla ETB Dhún na nGall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2023 ETB Dhún na nGall. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### **Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:**

- Sonraí maidir le táillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Chomhaltaí an Bhoird a ndéantar anailís de réir catagóire táillí orthu
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh an luchta bhainistíochta is tábhachtaí arna n-anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh an luchta bhainistíochta san iomlán;
  - o Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
  - o Sochair iar-fhostaíochta
  - o Sochair Foirceanta
- Cúiteamh don phríomhlucht bainistíochta más ann dó;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus €60,000 níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.

An Clr Michael McBride  
Cathaoirleach  
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

#### 4. Forbhreathnú ar Sheirbhísí mar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse



Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta sínithe ag ETB Dhún na nGall leis an Roinn Oideachais a rialaíonn na hoibríochtaí riaracháin agus scoileanna. Tá cúig iar-bhunscoil déag ann, (ceithre Ghaelscoil agus dhá Ghaelcholáiste, agus tá aon scoil déag díobh ainmnithe faoin scéim um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)).

Tá an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) á stiúradh ag Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS. Tá naoi n-ionad FET déag ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna

(FET) atá lonnaithe i nGort an Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad (Cumasóige), Baile Dhún na nGall (Ardscoil agus Droim Chliabh), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin (Cumasóige), Bóthar na Páirce Gnó agus Bóthar an Phoirt), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Cumasóige Leifir, Cumasóige Bhun Cranncha agus Srath an Urláir. Cuirtear cláir iar-Ardteistiméireachta ar fáil i dtrí scoil de chuid ETB: Coláiste an Earagail (Leitir Ceanainn), Gairmscoil Chaitríona (Na Cealla Beaga) agus Coláiste Ghleann na Finne (Srath an Urláir). Seachadann an tseirbhís FET Printíseachtaí, Cúrsaí Oiliúna agus oibríonn sí i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach chun a cuid clár agus seirbhísí a sheachadadh ar fud an chontae, lena n-áirítear teagmháil fairsing leis an tionscal. Cuirtear Oideachas agus Oiliúint Allamuigh ar fáil ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin atá suite ar eastát 87 acra.

Tugann an tSeirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh eolas neamhchlaonta agus rúnda, comhairle, treoir agus comhairleoireacht do dhaoine fásta maidir le roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó ETB Dhún na nGall agus ó áiteanna eile.

Cuirtear na Cláir Seirbhísí Oibre don Aos Óg ar fáil ar fud an Chontae, ag teacht le dualgais agus freagrachtaí an ETB faoin Acht um Obair Ógra, 2001 faoi stiúir an Oifigigh Forbartha Óige.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (COCDG) teagasc ceoil, teagasc gutha agus soláthar uirlisí ar fáil do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud an chontae. Tá grúpaí oifide ag COCDG freisin, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Ceolfhoireann Shóisearach Téaduirilís Dhún na nGall ag seinm ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá ceann de na Cláir Ucailéile scoile is mó sa tír ag ETB Dhún na nGall le breis is 1,000 dalta bunscoile ina mbaill.


Cuireann an clár oideachais agus oiliúna maidir le Drugaí agus Alcóil cúrsaí oiliúna ar fáil do Chontae Dhún na nGall, Contae Liatroma agus Contae Shligigh agus is é a Chomhordaitheoir a dhéanann na cúrsaí a sheachadadh.

Tá cúig Chlár Críochnaithe Scoile faoi choimirce TUSLA, a dtugann ETB Dhún na nGall tacaíocht riaracháin dóibh.

Oibríonn ETB Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), Údarás na Gaeltachta, i bhforbairt straitéisí ag leibhéal réigiúnach.



**etb**  
Bord Oideachais agus  
Oiliúna Dhún na nGall  
Donegal Education and  
Training Board



**School Map – Clockwise from Movicille**

1	Movicille Community College	Movicille
2	Crana College	Bunrana
3	Coláiste Chineal Eoghain	Bunrana
4	Coláiste Ailigh	Letterkenny
5	Errigal College	Letterkenny
6	Deele College	Raphoe
7	Finn Valley College	Stranorlar
8	Gairmscoil Chú Uladh	Béal an Átha Móir
9	Abbey Vocational School	Donegal Town
10	Magh Éne College	Bundoran
11	St Catherine's Vocational School	Killybegs
12	Coláiste na Carraig	An Charraig
13	Gairmscoil Mhic Diarmada	Oileán Árainn Mhóir
14	Coláiste Phobail Cholmcille	Oileán Thoráí
15	Mulroy College	Milford

**Administrative Offices**

1	Ard O'Donnell	Letterkenny
---	---------------	-------------

**Music Education**

1	Donegal Music Education Partnership	Letterkenny
---	-------------------------------------	-------------

**FET Centres – Clockwise from Glengad**

1	Youthreach Centre	Glengad
2	FET Centre Bunrana	Bunrana
3	Youthreach Centre	Bunrana
4	FET Centre Letterkenny (Port Road)	Letterkenny
5	FET Centre Letterkenny (Business Park Road)	Letterkenny
6	Errigal College (PLCs)	Letterkenny
7	Training Centre Letterkenny	Letterkenny
8	Youthreach Centre	Letterkenny
9	Youthreach Centre	Lifford
10	FET Centre Stranorlar	Stranorlar
11	Finn Valley College (PLCs)	Stranorlar
12	FET Centre Donegal Town (Drumcliff)	Donegal Town
13	FET Centre Donegal Town (Ard Scoil na gCeithre Máistir)	Donegal Town
14	FET Centre Ballyshannon	Ballyshannon
15	St Catherine's Vocational School (PLCs)	Killybegs
16	Training Centre Gaoth Dobhair	Gaoth Dobhair
17	FET Centre Gort an Choírce	Gort an Choírce
18	FET Centre Milford	Milford
19	Gartan Outdoor Education and Training Centre	Church Hill

## 5. Cur i bhFeidhm Spriocanna Straitéiseacha 2023

Eascaíonn na héachtaí atá leagtha amach thíos ón **Ráiteas Straitéise 2022-2026** a leagann amach na tosaíochtaí agus na cuspóirí ardleibhéil a bhfuil sé mar aidhm againn a bhaint amach thar shaolré an Ráitis. Eascaíonn gach tuarascáil bhliantúil ón Ráiteas Straitéise a leagann amach an dul chun cinn atá déanta maidir le baint amach na gcuspóirí agus na spriocanna mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.

### 5.1 CUSPÓIR: Eispéireas an Scoláire/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

TOSAÍOCHT 1: Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe			
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc/Cuspóir	Éachtaí
Clár Saoránachta Digití FET a rolladh amach a thuilleadh.	Líon na rannpháirtithe i gclár Saoránachta Digití FET.	Líon méadaithe na rannpháirtithe i gclár Saoránachta Digití FET.	Tá dearadh an chláir críochnaithe agus tá an chéad chlár píolótach beartaithe do 2024.

<p>Cinntigh go bhfuil ár gcúig chroíluach neadaithe ar fud ár scoileanna agus Ionaid FET.</p> <p>Déan na foirne meánbhainistíochta inár scoileanna a uasoiliúint.</p> <p>Forbair agus soláthair cuir chuige um Fhoghlaim Chumaisc ar fáil a thuilleadh in ionaid FET agus i Scoileanna araon.</p>	<p>Feasacht níos fearr ar ár gcroíluachanna i measc na scoláirí, na foirne, na gComhaltaí den Bhord Bainistíochta (BB) agus na dtuismitheoirí.</p> <p>Oiliúint dár bhfoirne meánbhainistíochta inár scoileanna.</p> <p>Beartas um Fhoghlaim Chumaisc a fhorbairt don FET.</p> <p>Úsáid mhéadaithe Google Classroom i scoileanna.</p>	<p>Tá Foireann Éitis ghníomhach ag gach scoil atá ag obair ar chur chun cinn na gcúig chroíluach.</p> <p>Úsáideann gach scoil Google Classroom go rialta.</p>	<p>Tá dul chun cinn déanta ar an oiliúint mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Curaclam an Phátrúin i dtrí scoil.</li> <li>- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) mhíosúil don fhoireann FET.</li> <li>- Cruinniú an Lónra Foghlama Gairmiúla ar an 9 Bealtaine 2023.</li> <li>- Oiliúint don Bhord Agallaimh.</li> <li>- D'fhreastail PC 1, 2 ar Scoil Samhraidh Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) in Ollscoil Luimnigh ar Oideachas Féiniúlachta, Ilchreidimh agus Luachanna.</li> <li>- Úsáidtear Google Classroom mar phríomhuirlis chumarsáide ar fud na scoileanna agus na n-ionad.</li> <li>- Seisiún eolais maidir le Féiniúlachta, Ilchreidimh agus Luachanna curtha ar fáil do lucht ardbhainistíochta sinsearaí na scoileanna “nua”.</li> <li>- Ceithre scoil i mBliain 1 den Phíolótach faoi láthair.</li> </ul> <p>Seacht scoil ag glacadh páirt san Fhéinmheasúnú Scoile ar phróiseas Éiteas ETB.</p>
---	--	---	---



<p>Plean cur chun feidhme maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a fhorbairt.</p>	<p>Comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha.</p>	<p>Plean Cur Chun Feidhme forbartha.</p>	<p>Tiomantas leanúnach don chomhionannas agus do chearta an duine le cur i bhfeidhm leanúnach maidir le dualgas comhionannais agus cearta daonna na hearnála poiblí. An Céim ‘Measúnú’ curtha i gcrích, agus tá ETB Dhún na nGall ag obair faoi láthair ar an chéim ‘Seoladh’ den Dualgas.</p> <p>Mar chuid d’obair leanúnach na céime Seoladh tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a dhréachtú.</li> <li>- Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Coinneála a uasdátú.</li> <li>- Mar chuid den Chreat um Bainistíocht Beartais, beidh Measúnacht Tionchair ar Chearta an Duine le linn fhorbairt/athbhreithniú beartas. Beidh treoir agus teimpléad san áireamh.</li> </ul>
---	---	--	--

<p>Beidh deiseanna chun dea-chleachtas a roinnt idir Scoileanna agus Ionaid aitheanta lena n-áirítear leanúint de bhaint leis an Ghrúpa Pleanála Curaclaim agus an Grúpa Cruthaithe Ábhair agus an Clár um Cheannaireacht Teagaisc atá curtha chun cinn agus tacaíthe laistigh de ETBI.</p>	<p>Aiseolas dearfach ó Chigireachtaí Ábhair.</p> <p>Sraith Seimineár um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí faoi stiúir scoileanna éagsúla.</p> <p>Meastóireacht Uile-Scoile, Tuarascálacha Bainistíochta, Ceannaireachta agus Foghlama, Rannpháirtíocht in Oiliúint Ceannaireacht Teagaisc.</p>	<p>Líon méadaithe ball foirne a bhfuil baint acu le pobail chleachtais maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú.</p>	<p>Sraith de Sheimineáir FGL arna seachadadh ag múinteoirí i scoileanna éagsúla agus taifeadtaí ar fáil freisin do scoileanna agus d'fhoireann teagaisc FET.</p> <p>Oiliúint Ceannaireachta Teagaisc curtha ar fáil ag ETBI le freastal leanúnach ag trí scoil.</p>
---	---	--	---

<p>Soláthar leanúnach de raon leathan de chlár fhreagrúla oideachais agus oiliúna agus tacaíochtaí ábhartha i ngach scoil, coláiste agus ionad.</p>	<p>Réimse leathan clár agus seirbhísí ar fáil agus á seachadadh ar fud an chontae.</p>	<p>Soláthar freagrúil méadaithe chun uilechuimsiú gach foghlaimeora a chinntiú.</p>	<p>Déanann an seirbhís FET a dícheall cur chuige um Dhearadh Uilíoch don Foghlaim a ghlacadh i leith gach soláthar seirbhíse. Tá feabhsuithe inrochtaineachta déanta i roinnt ionad agus rinne an tOifigeach Foirgneamh FET iniúchadh ar ionaid eile. Tá scoileanna ag tabhairt faoi fhorbhreathnú faoi láthair ar an soláthar curaclaim reatha chun roghanna ábhar a ainmniú don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht.</p>
---	--	---	--

<p>Obair fhorbartha chun éiteas scoil ETB a chur chun cinn agus a leabú trí na ráitis chleachtais.</p>	<p>Comhordaitheoir Éiteas ag obair le scoileanna agus leis an tseirbhís FET chun na ráitis chleachtais a chur chun cinn.</p> <p>Tá scoileanna ag glacadh páirt i nGearrchúrsa na bPátrún d'oiliúint múinteoirí.</p>	<p>Feasacht mhéadaithe i measc na scoláirí, na foirne, na dtuismitheoirí, na mBord Bainistíochta agus Chomhaltaí Boird an ETB ar éiteas scoileanna agus seirbhísí ETB. Tá trí scoil le bheith rannpháirteach sa chlár pólótach.</p>	<p>Tá clár gníomhaíochtaí ag Foirne Ceannaireachta Éitis i ngach scoil. Uasdátaithe rialta do Bhoird Bhainistíochta agus don Lucht Ardbhainistíochta.</p>
<p>Tuilleadh forbartha sna ceithre scoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta.</p>	<p>Dul chun cinn maidir leis an phlean scoile don Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta.</p>	<p>Dúshraith níos daingne a leagan, a chuideoidh le scoileanna leanúint orthu ag cur le húsáid na Gaeilge sna ceithre scoil trí spriocanna a bhaint amach don bhliain 2023.</p>	<p>Scoileanna ag obair ar chur chun cinn na spriocanna feidhmithe.</p>

<p>Mapáil Soláthair Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) i gCleachtas do Scoileanna a chur chun cinn: Soláthar RSO a phleanáil go straitéiseach, córais a fhorbairt chun cur chuige a chur chun cinn trí Fhéinmheastóireacht Scoile (FS), acmhainní a leithdháileadh agus FGL na foirne a shainaithint.</p> <p>Na hacmhainní ábhartha go léir atá de dhíth ar scoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm mapáil soláthar i scoileanna a chur ar fáil.</p>	<p>Líon na scoileanna atá rannpháirteach i Mapáil Soláthar RSO mar chuid den tionscnamh ETBI/Choláiste Mhuire gan Smál. Áiteanna méadaithe ar fáil i ranganna speisialta.</p>	<p>Dhá scoil ag glacadh páirt i Mapáil Soláthair RSO. Aghaidh tugtha ar riachtanais foghlaimeoirí imeallaithe.</p> <p>Soláthar neartaithe RSO inár scoileanna agus eispéireas foghlama feabhsaithe do scoláirí mar thoradh air.</p> <p>Feabhas a chur ar rochtain agus coinneáil.</p>	<p>Forbairt ghairmiúil leanúnach á tairiscint ar bhonn míosúil don fhoireann FET. Tá sé scoil ag glacadh páirt anois sa Tionscnamh Mapála RSO. Comhordaitheoir sannta don tionscnamh.</p>
<p>Monatóireacht a dhéanamh ar Shruth 2 de sheirbhís roinnte íocaíochtaí printíseachta agus foghlaimeora.</p>	<p>Íocaíochtaí foghlaimeora próiseáilte go cruinn agus in am.</p>	<p>Comhlíonadh na spriocdhátaí íocaíochta go léir.</p>	<p>Comhlíonadh na spriocdhátaí íocaíochta go léir in 2023.</p>

<b>TOSAÍOCHT 2: Curaclam leathan a chur ar fáil</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Ullmhaigh agus cuir le comhairliúchán ar athchóiriú na sraithe sinsearaí.</p> <p>Daingniú na Sraithe Sóisearaí nua ar fud na scoileanna agus gach ábhar mar chuid dó anois.</p>	<p>Feasacht i measc na foirne ar dhul chun cinn maidir le hAthchóiriú na Sraithe Sinsearaí.</p> <p>Líon na n-athbhreithnithe curaclaim a rinneadh.</p>	<p>Méadú ar an líon foirne a théann i ngleic le hathbhreithnithe curaclaim na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.</p>	<p>Nuashonrú ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí ag Comhdháil Príomhoidí/Leas-Phríomhoidí ETBI. Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach uasdátaithe rialta do Phríomhoidí ar obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun an tSraith Shinsearach a chur chun cinn.</p>
<p>Ábhair nua Ardteistiméireachta a chur leis an churaclam i roinnt scoileanna.</p>	<p>Líon na scoileanna a bhfuil ábhair nua Ardteistiméireachta á dtabhairt isteach acu.</p>	<p>Aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais agus oiliúna nua agus ar riachtanais oideachais agus oiliúna reatha an phobail.</p>	<p>Eolaíocht Ríomhaireachta agus Corpoideachas leabaithe mar Rogha Ardteistiméireachta i gcúig scoil.</p>
<p>Tuilleadh forbartha ar Chláir FET nua i réimsí ábhartha curaclaim e.g. scileanna 'glasa', teicneolaíocht chumarsáide, cianobair, foghlaim obair-bhunaithe.</p>	<p>Líon na gclár nua a tugadh isteach (FET).</p>	<p>Trí chlár nua ar a laghad tugtha isteach in FET in 2023.</p>	<p>Cur chun cinn leanúnach ar chláir scileanna Glasa. Pleananna chun an dara atriall den chúrsa oiliúna Oibreacha Poiblí a reáchtáil. Tá clár nua Cúram Sláinte Leibhéal 6 deartha agus cuirfear i bhfeidhm é i mí Mheán Fómhair 2024.</p>

<p>Pleanáil Soláthair Chomhtháite Tras-FET.</p> <p>Tionscadal píolótach nua Céime Treasach a fhorbairt le comhpháirtithe ETB agus OTA.</p> <p>Cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear soláthar i láthair an phobail.</p>	<p>Pleanáil soláthair chomhtháite (FET) chun dúbláil a íoslaghdú agus bealaí dul chun cinn d'fhoghlaimoirí a fheabhsú.</p> <p>Áiseanna agus acmhainní réidh do Mheán Fómhair 2023.</p> <p>Coinbhinsiúin ainmniúcháin críochnaithe, dúbláil íoslaghdaithe agus suíomh gréasáin úr seolta</p>	<p>Go mbeadh Grúpa Oibre um Pleanáil Soláthair Chomhtháite Tras-FET bunaithe /ag bualadh le chéile go rialta.</p> <p>An chéad iontráil ar cheithre chlár Céime i bhFómhar 2023.</p> <p>Seoladh suíomh gréasáin nua in 2023.</p>	<p>Cuireadh moill ar sheoladh suíomh gréasáin FET nua mar gheall ar ransú smaointe leanúnach maidir le branda FET athbhreithnithe do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.</p>
--	---	---	---

<b>TOSAÍOCHT 3: Córais Dearbhaithe Cáilíochta ábhartha agus iomchuí a chur i bhfeidhm</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Spríoc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Teagmháil leanúnach inár scoileanna leis an Fhoireann Cigireachta.</p>	<p>Tuarascálacha Cigireachta atá dearfach agus cuiditheach.</p> <p>Moltaí ó Thuarascálacha Cigireachta curtha faoi bhráid Bord Bainistíochta a chuireann maoirseacht agus treoir ar fáil.</p>	<p>Moltaí na dTuarascálacha Cigireachta a chur i bhfeidhm go tráthúil.</p>	<p>Glacann Boird Bhainistíochta moltaí ó thuarascálacha cigireachta nuair is cuí.</p>

<p>Forbairt leanúnach agus comhtháthú Córas Dearbhaithe Cáilíochta in FET.</p> <p>Plean chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Athbhreithnithe Reachtúil Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta FET.</p>	<p>Líon na moltaí ón athbhreithniú Dearbhaithe Cáilíochta atá curtha i bhfeidhm.</p>	<p>Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Ghníomhaíochta um Dhearbhú Cáilíochta.</p>	<p>I mí an Mheithimh 2023, reáchtáladh cruinniú plé straitéiseach idir Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus fuarthas aiseolas an-dearfach maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an phlean ghníomhaíochta um Dhearbhú Cáilíochta.</p>
--	--	--	---

<p><b>TOSAÍOCHT 4: Tacú le scoláirí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir leis an bheartas náisiúnta reatha</b></p>				
<p><b>Beart</b></p>	<p><b>Táscaire Feidhmíochta</b></p>	<p><b>Sprioc</b></p>	<p><b>Éachtaí</b></p>	

<p>Plean gníomhach DEIS i ngach ceann dár 11 scoil DEIS.</p> <p>Leanann Grúpa Stiúrtha DEIS/FET lena gcuid oibre.</p>	<p>Pleananna DEIS atá praiticiúil agus dinimiciúil.</p>	<p>Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil.</p>	<p>Pleananna DEIS á gcur i bhfeidhm ar bhonn rialta agus nuashonruithe á gcur ar fáil do na Boird Bhainistíochta sna haon scoil déag.</p> <p>Scoileanna a ghlacann páirt in oiliúint FGL tríd an Ionad Tacaíochta Oideachais.</p>
<p>Foirne Tacaíochta Scoláirí daingnithe níos mó i saol na scoile.</p>	<p>Foirne Tacaíochta Scoile Gníomhacha.</p>	<p>Feabhas a chur ar rochtain, ar choinneáil agus ar dhul ar aghaidh chuig saol na hoibre/breisoideachas/ardoid eachas</p>	<p>Foirne Tacaíochta Scoláirí atá gníomhach inár gcúig scoil déag.</p>
<p>Tacaíochtaí méadaithe a thabhairt do scoláirí trí Thacaíochtaí do Scoláirí agus Seirbhís Leasa a chur ar fáil.</p>	<p>Tacaíochtaí foghlaimeora FET a chur ar fáil ar bhealach comhsheasmhach ar fud na gclár.</p>	<p>Atreoruithe scoláirí ETB chuig seirbhísí Tacaíochta agus Leasa Scoláirí ETB.</p>	<p>Ar fáil ar fud clár FET.</p>
<p>A chinntiú go gcuirtear guth na scoláirí san áireamh i bhfóraim éagsúla chinnteoireachta.</p>	<p>Fóraim do Scoláirí agus meicníochtaí aiseolais eile do scoláirí i bhfeidhm.</p>	<p>Cur i bhfeidhm tráthúil an Phlean Ghníomhaíochta.</p> <p>Fianaise go bhfuil athruithe á gcur i bhfeidhm mar gheall ar aiseolas ó dhaltaí.</p>	<p>Cuireann Comhairle na Scoláirí nuashonruithe i láthair uair sa bhliain ar a laghad ag cruinniú Bhard Bainistíochta na scoile.</p>



<p>Ciste REACH a chur chun cinn do ghrúpaí pobail (FET).</p>	<p>Tacaíocht do ghrúpaí pobail chun gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi REACH a chur i bhfeidhm e.g. moil dhigiteacha a bhunú ag an leibhéal áitiúil, agus rochtain a fháil ar chiste 2023.</p>	<p>Méadú ar rochtain do scoláirí faoi mhíbhuntáiste trí mhaoiniú FET REACH a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Cuireadh an cur chun cinn céime gcrích agus scaipeadh taifeadtaí seisiúin faisnéise. Pleananna á dtabhairt chun críche do 2024.</p>
<p>Príomhshruthú agus comhtháthú an phróisis um Aitheantas Réamhfhoghlama mar mhodh chun scileanna a fuarthas trí fhoghlaim ó thaithí (san ionad oibre) a dhéanamh infheicthe (FET).</p>	<p>Líon na bhfoghlaimeoirí a ghnóthaíonn dámhachtainí tríd an phróiseas um Aitheantas Réamhfhoghlama (FET).</p>	<p>Líon na bhfoghlaimeoirí a ghnóthaíonn dámhachtainí tríd an phróiseas um Aitheantas Réamhfhoghlama (FET) a choinneáil.</p>	<p>Tá an clár um Aitheantas Réamhfhoghlama príomhshruthaithe faoi Scileanna chun Dul Chun Cinn. Mar sin féin, tá leathnú an tsoláthair ag brath ar mhaoiniú breise ó SOLAS.</p>

<p>Líonra Foghlama Gairmiúla / Pobal Cleachtais i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim.</p> <p>Úsáid bhreise a bhaint as moil Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta chun tacú le baill foirne agus meantóireacht a dhéanamh orthu maidir le huirlisí agus bogearraí le haghaidh inrochtaineachta.</p> <p>Foireann a chur faoi oiliúint i gcur chuige Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim / tuilleadh rolladh amach shuaitheantas Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim.</p>	<p>Líon na mball foirne atá rannpháirteach in oiliúint um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim.</p>	<p>Méadú ar líon na mball foirne oilte i gcur chuige maidir le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i seachadadh agus measúnú clár.</p> <p>Líon méadaithe foirne FET ar bronnadh Suaitheantas um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim orthu.</p> <p>Rochtain, dul chun cinn agus coinneáil feabhsaithe.</p>	<p>Leanann Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Rialta agus comhroinnt faisnéise i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim ar aghaidh ach braitheann sé ar mhaoiniú.</p>
<p>An Straitéis um Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil (LAFS) a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Rannpháirtíocht ghníomhach foghlaimeoirí imeallaithe maidir le huasoiliúint dhigiteach agus oideachas litearthachta agus uimhearthachta.</p>	<p>Líon méadaithe scoláirí i mbun clár oideachais litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha (FET).</p>	<p>Comhordaitheoir ceaptha agus i dteagmháil leis an Oifig um Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil in SOLAS de réir mar a fhorbraítear an plan oibre.</p>

Seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar do scoláirí atá ina ngátar (FET).	Rolladh amach na seirbhíse comhairleoireachta a soláthraíodh a rolladh amach (FET).	Seirbhís chomhairleoireachta ar bhonn póilótach (FET).	Tá an tseirbhís i bhfeidhm agus déanfar monatóireacht uirthi i rith 2024.
Méadú ar roghanna FET do scoláirí atá faoi mhíchumas.	Leanúint ar aghaidh ag cur an chláir Uathachais (FET) (The Collective) chun cinn.	Clár Uathachais atá athbhreithnithe agus coinnithe.	Rinneadh athbhreithniú áitiúil ar an chlár. Leantar den obair le SOLAS chun comhlacht cuí a shaináithint chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an chlár in 2024.

<b>TOSAÍOCHT 5: Seirbhísí Comhairleoireachta agus Treoirchomhairleoireachta a sholáthar</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Seirbhísí Comhairleoireachta a sholáthar i scoileanna agus in ionaid FET.	Treoirchomhairleoirí a fhostú inár scoileanna go léir.  Líon na múinteoirí a cháilíonn.	Líon méadaithe múinteoirí in ETB Dhún na nGall atá cáilithe mar Threoirchomhairleoirí.	Teagmháil leanúnach idir na Treoirchomhairleoirí agus an tSeirbhís FET. Thug gach scoil cuairt ar an Ionad Traenála FET. Fógraíodh FET mar rogha dul chun cinn in iar-bhunscoileanna.

Rochtain fheabhsaithe ar chúrsaí Treorach a sholáthar, as a dtiocfaidh cáilíocht trí idirchaidreamh leanúnach le ETB Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) chun Treoirchlár for-rochtain eile a chur ar fáil.	Fianaise ar phlé le OCBÁC.  Seirbhísí treoirchomhairleoireachta FET duine le duine a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear an tseirbhís ‘buail isteach’ a athoscailt do chliaint. Seirbhís ar fáil ar líne fosta de réir mar is gá.	Gealltanas ó OCBÁC go gcuirfidh sí clár for-rochtana ar fáil.	Tá an tseirbhís chéanna á soláthar mar a soláthraíodh roimh an phaindéim.
Seirbhís Treorach á tairiscint i bpobail faoi mhíbhuntáiste (FET).	Seirbhís Treorach FET curtha ar fáil i gceantair ard-dífhostaíochta.  Aonach FET (Deireadh Fómhair 2023)	Rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí treorach do scoláirí FET agus scoláirí ionchasacha, lena n-áirítear iad siúd i gceantair faoi mhíbhuntáiste.	Cuirtear seirbhís treorach ar fáil ar fud na bpobal go léir, ceantair ard-dífhostaíochta ina measc.  Cuireadh soláthar an Aonaigh FET siar go go luath in 2024 i ndiaidh aiseolas a chur san áireamh.

<b>TOSAÍOCHT 6: Áiseanna foghlama/oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>

<p>Athchóiriú leanúnach agus forbairt na n-áiseanna i gcomhar le Bainistíocht Eastát.</p> <p>Áitribh FET a thógáil ar cíos sa chás go bhfuil gá le cóiríocht bhreise.</p>	<p>Anailís / measúnú riosca leanúnach ar riachtanais athchóirithe na n-ionad agus na scoileanna.</p> <p>Áiseanna FET ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus na foirne.</p>	<p>Grúpa Oibre um Thacaíocht Eagraíochta agus Forbairt/FET/Foirgnimh Scoile a chinntíonn pleanáil chomhordaithe ar thionscadail foirgneamh agus go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as acmhainní.</p>	<p>Leanadh den dul chun cinn ar roinnt tionscadal.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Tá tógáil ar an láthair ar siúl ag Coláiste Pobail Bhun an Phobail.</li> <li>- Comhaontaíodh roghanna deartha campas 3 scoile Choláiste Cranncha agus Choláiste Chineál Eoghain agus tá an chéad chéim á cur ar aghaidh.</li> <li>- Iarratas pleanála curtha isteach ag Coláiste an Earagail.</li> <li>- Tionscadail foirgníochta modúlaí ag Coláiste an Earagail, Coláiste na Maoile Rua agus Coláiste na Daoile.</li> <li>- Roinnt tionscadal um Chóiríocht Bhreise Scoile ag leanstan ag céimeanna éagsúla dearaidh.</li> <li>- Roinnt iarratas um Oibreacha Éigeandála faoi bhráid agus deonaithe ag an Roinn Oideachais chun bonneagar a uasghrádú.</li> <li>- Athchóiriú ar na seomraí ranga atá ann cheana féin agus cruthú seomraí ranga breise in Ionad FET Bhaile Dhún na nGall.</li> <li>- Tógáil bána traenála do phrintíseachtaí leictreachais breise agus seomraí ranga nua in Ionad Oiliúna Ghaoth Dhobhair.</li> <li>- Áiseanna breisoideachais a sholáthar ag an Ionad FET Leitir Ceanainn ag Bóthar na Páirce Gnó.</li> </ul>
---	---	--	---

<p>Rochtain na scoláirí a éascú nuair nach leor an t-áitreabh reatha chun freastal ar riachtanais na gclár/ na bhfoghlaimeoirí.</p>	<p>Rochtain do scoláirí éascaithe.</p>	<p>Líon na n-áitreabh FET a chomhdhlúthú.</p> <p>Cóiríocht nua a fháil d'Ionad Iar-Ardteistiméireachta (Leitir Ceanainn); Seirbhís Litearthachta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Seomraí ranga breise agus seomra RSO oscailte go hoifigiúil i nGairmscoil na Mainistreach i mBealtaine 2023.</li> <li>- Feabhas ar rochtain agus ar áiseanna Ionad FET Bhéal Átha Seanaidh.</li> <li>- Soláthar seomra mhodúlaigh/seomraí modúlacha inrochtana ag Ionad FET Bhaile Dhún na nGall (Ard Scoil na gCeithre Máistir) agus Ionad FET Shrath an Urláir.</li> <li>- Tógáil bána traenála inrochtana do phrintíseachtaí leictreachais agus seomraí ranga nua in Ionad Oiliúna Ghaoth Dhobhair.</li> <li>- Áiseanna breisoideachais inrochtana a sholáthar san Ionad FET Leitir Ceanainn ag Bóthar na Páirce Gnó.</li> </ul>
---	--	---	--

<p>Athbhreithniú leanúnach ar áiseanna FET chun an seachadadh is fearr agus is féidir a chinntiú do scoláirí.</p> <p>Seomraí ranga nua do scoláirí a bhfuil RSO acu.</p> <p>Straitéis Eastát FET a fhorbairt agus Tuarascáil Straitéiseach Measúnachta (TSM) a chur faoi bhráid SOLAS.</p>	<p>Áiseanna feabhsaithe d'fhoghlaimoírí.</p> <p>Straitéis Eastát FET a fhorbairt.</p>	<p>Cóiríocht don Litearthacht, Iar-Ardteistiméireacht agus tacaíocht riaracháin a thabhairt chun críche i Leitir Ceanainn.</p> <p>Aighneachtaí chuig SOLAS maidir le Straitéis Eastát ETB Dhún na nGall críochnaithe agus cur isteach Tuarascáil Straitéiseach Measúnachta ar thionscadal caipitiúil straitéiseach/tionscadail chaipitiúla straitéiseacha críochnaithe.</p>	<p>Comhdhlúthú ar roinnt soláthairtí reatha FET Leitir Ceanainn sa Mhol Gnó, Leitir Ceanainn.</p>
--	---	---	---

<b>TOSAÍOCHT 7: Oideachas agus Oiliúint Allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>

<p>Forbairt bhreise ar shamhail mhaoinithe an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOA) chun go mbeidh dul chun cinn i dtreo comhtháthú breise leis an tseirbhís FET ann (de réir an bheartais náisiúnta).</p>	<p>Feidhmíocht airgeadais.</p> <p>Líon na ndaoine atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí san Ionad.</p> <p>Tuilleadh forbartha i gcomhtháthú IOOA in FET.</p>	<p>Iarracht a dhéanamh seirbhís atá inmharthana ó thaobh airgeadais de a chruthú.</p> <p>Líon na daoine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí san ionad a uasmhéadú.</p> <p>Eolas faoin dóigh ar féidir le IOOA cur le cláir FET.</p>	<p>Lárionad OETC atá gníomhach i ngrúpaí náisiúnta chun an oideachas allamuigh a chomhtháthú sa bhreisoideachas agus oiliúint.</p> <p>Bhí an ghníomhaíocht san Ionad, a bhí tuairiscithe, go han-mhaith i ndiaidh na tréimhse téarnaimh i ndiaidh na paindéime COVID-19.</p> <p>Tá conairí nua chuig FET ó chláir scoile le bheith léirithe ar bhonn píolótach in 2024 i ndiaidh leagan amháin rathúil in 2023 (faoi réir maoiniú a bheith ceadaithe).</p>
--	---	--	--



<p>Seachadann IOOA cláir ábhartha do scoileanna, don tSeirbhís FET agus don phobal i gcoitinne.</p> <p>Múnla IOOA a athailíniú chun na dúshláin go léir a léiriú lena n-áirítear brandáil dhírithe agus caidreamh poiblí.</p> <p>Feabhas a chur ar an chur chuige comhpháirtíochtaí maidir leis an líonra náisiúnta IOOA.</p> <p>Cur le Straitéis Comhairle Contae Dhún na nGall faoi choinne Fóillíochta Faoin Aer do Dhún na nGall.</p> <p>Pleananna a aithint do thodhchaí an ionaid mar chuid d'fhorbairt na Straitéise foriomláine Eastát FET.</p>	<p>Cláir dhinimiciúla agus ábhartha chun freastal ar riachtanais na spríocghrúpaí a dhéanann rochtain ar an ionad.</p> <p>Uasoiliúint a dhéanamh ar an fhoireann go rialta.</p> <p>Feasacht mhéadaithe faoin Ionad.</p>	<p>Naisc fheabhsaithe le Líonra Náisiúnta IOOA ETBI.</p>	<p>Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre le struchtúr ETBI. Bhí Stiúrthóir Scoileanna ETB Dhún na nGall ina chathaoirleach ar an chruinniú deireanach den ghrúpa náisiúnta.</p> <p>Rannpháirtíocht mhéadaithe le scoileanna agus leis an tSeirbhís FET.</p>
---	---	--	---

<b>TOSAÍOCHT 8: Plean faoi choinne déimeagrafaic atá ag athrú</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Idirchaidreamh a dhéanamh le Bainistíocht Eastát, an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBOAOTNE)/SOLAS maidir le líon na rolluithe a bhfuiltear ag súil leo.</p> <p>Obair leanúnach ag an Fhoireann um Bainistíocht Eastát i gcomhar le bainistíocht na scoile.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag nascadh leis an Rannóg um Chóiríocht Scoile de chuid na Roinne Oideachais.</p>	<p>Go leor áiteanna ar fáil do gach scoláire.</p>	<p>An stoc tógála a mhéadú de réir mar is gá.</p>	<p>Foirgníocht mhodúlach beartaithe do Choláiste na Maoile Rua, Coláiste an Earagail agus Coláiste na Daoile chun freastal ar rollú atá ag méadú.</p> <p>Tógáil bána traenála do phrintíseachtaí leictreachais breise agus seomraí ranga nua in Ionad Oiliúna Ghaoth Dhobhair.</p> <p>Áiseanna breisoideachais a sholáthar san Ionad FET Leitir Ceanainn ag Bóthar na Páirce Gnó.</p>

<b>TOSAÍOCHT 9: Cláir Oiliúna agus cláir Phrintíseachta a sholáthar agus a fhorbairt</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	
Aghaidh tugtha air taobh istigh de sholáthar na gClár Breisoideachais agus Oiliúna: cúrsaí Oiliúna úra a fhorbairt agus cúig chlár Printíseachta Ceardaíochta a sheachadadh.	Cur le líon na bPrintíseachtaí Chéim 2 a ghluactar isteach don bhliain 2023.	Glacadh le trí ghrúpa éagsúla in aon bhliain amháin san oiread clár Printíseachta agus is féidir.	Cuireadh an múnla 3 chéim i bhfeidhm ar fud na bprintíseachtaí ábhartha go léir in 2023.
Aighneacht chuig SOLAS chun líon breise ar chlár oiliúna a chur ar fáil in 2023.	Cláir nua faofa / bailíochtaithe de réir mar is gá	Dhá chlár Oiliúna nua a chur ar fáil in 2023.	Dearadh dhá chlár oiliúna nua agus cuireadh ar an mhargadh iad agus d'éirigh le clár amháin go leor daoine a fháil.

**TOSAÍOCHT 10: Tús áite a thabhairt d'Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic/Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Na hEalaíona agus Matamaitic i Scoileanna**

Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
Múinteoirí a uasoiliúint i modúil chódaithe.	Líon na múinteoirí atá rannpháirteach in FGL.	Níos mó daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcomórtais agus i dtaispeántais.	I measc na samplaí tá: <ul style="list-style-type: none"> <li>- Scoileanna páirteach i <a href="#">gcomórtas VEX Robotics</a>.</li> <li>- Ghlac scoileanna páirt fosta i dTaispeántas Eolaithe Óga BT.</li> <li>- Comhoibriú Choláiste an Earagail le Scoil Naomh Fiachra, Eileastran agus Scoil Náisiúnta Thalamh na Coille i dtionscnamh Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice.</li> <li>- Oiliúint ar chúrsaí LinkedIn.</li> </ul>
<p>Eolaíocht Ríomhaireachta a neadú a thuilleadh sna scoileanna a thairgeann an t-ábhar ag leibhéal na hArdteistiméireachta.</p> <p>Plé le OTA a chur chun cinn ar mhúnla chun Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht chur ar fáil do scoláirí nach bhfuil rochtain acu ar an chlár ina scoil féin</p> <p>Tacú le clár OTA maidir le nascadh le scoileanna ar an mhodúl Róbataic VEX.</p>	Is rogha inmharthana í Eolaíocht Ríomhaireachta do scoláirí nuair atá sí ar fáil sa tSraith Shinsearach.	Eolaíocht Ríomhaireachta a bheith á cur ar fáil i gceithre scoil.	<p>Múinteoirí a earcú chun Eolaíocht Ríomhaireachta a theagasc ag an Ardteistiméireacht agus é ina rogha inmharthana don tSraith Shinsearach i gceithre scoil.</p> <p>Bhí scoileanna san iomaíocht i <a href="#">gComórtas Róbataic VEX</a> san OTA.</p>

**TOSAÍOCHT11: Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid**

Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
Deiseanna a fhiosrú chun aiseolas fiúntach a thabhairt do scoláirí trí ardán ar líne.	<p>Feidhmiúlacht fheabhsaithe do scoláirí agus don fhoireann.</p> <p>Múinteoirí ag úsáid an ardáin ar líne mar chuid dá gcuid oibre.</p>	Tuilleadh trialacha píolótacha ar ardán ar líne.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Aiseolas i scoileanna á chur ar fáil trí Google Classroom agus VsWare.</li> <li>- Cuirtear FGL i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar fáil ar bhonn rialta d'fhoireann teagaisc FET. Ghlac scoileanna páirt in oiliúint a cuireadh ar fáil tríd an Ionad Tacaíochta Oideachais agus Oide.</li> </ul>
Deiseanna fairsinge FGL don fhoireann chun scileanna a fheabhsú i soláthar cumaisc Teagaisc agus Foghlama. Úsáid mhéadaithe á baint ag múinteoirí as Google Classroom.	<p>Líon agus leibhéal na ndeiseanna FGL in TFC atá ar fáil don fhoireann chun freastal ar an dúshlán a bhaineann le teagasc agus foghlaim chumaisc ar ardchaighdeán a sholáthar.</p> <p>Glacadh na foirne le deiseanna uasoiliúna maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.</p>	<p>Níos mó ball foirne ag glacadh páirt in FGL, go háirithe maidir le Teagasc agus Foghlaim Chumaisc.</p> <p>Níos mó ball foirne ag glacadh páirt i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.</p>	<p>FGL TFC míosúil curtha chun cinn agus ar fáil lena n-áirítear Seachtain um Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta a reáchtáladh ag deireadh mhí na Bealtaine.</p> <p>Cuirtear FGL in TFC ar fáil ar bhonn rialta don fhoireann teagaisc FET. Ghlac scoileanna páirt in oiliúint a cuireadh ar fáil tríd an Ionad Tacaíochta Oideachais agus Oide.</p>

Pleanáil le haghaidh clár maoinithe Erasmus+ i gClaochlú Digiteach (FET).	Comhroinn cleachtais nuálacha in úsáid na teicneolaíochta don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.	Togra forbartha le haghaidh Erasmus i gClaochlú Digiteach (FET) le bheith curtha isteach go luath sa bhliain 2023.	An dá iarratas PEACEPLUS, i gcomhpháirtíocht le Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt agus Líonra Limistéar Teorann Láir na hÉireann (Irish Central Border Area Network) (ICBAN) á gcur chun cinn faoi láthair.
---	---	--	--

<b>TOSAÍOCHT 12: Cinntigh go bhfuil gach beart cosanta leanaí riachtanach i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017/Cinntigh go gcomhlíontar, go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Faomhadh na mBord Bainistíochta i leith na Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí.	Ráitis maidir le Cosaint Leanaí scríofa.	Gach ráiteas a bheith faofa ag Boird Bhainistíochta.	Ráitis maidir le Cosaint Leanaí faofa go bliantúil ag Boird Bhainistíochta.
Oiliúint do Phríomhoidí/Leas-Phríomhoidí.	Líon na bPríomhoidí / na Leas-Phríomhoidí atá oilte.	Gach cúrsa oiliúna le bheith críochnaithe.	Oiliúint Oide curtha ar chumas gach Teagmhálaí Ainmnithe agus gach Leas-Teagmhálaí Ainmnithe.

Críochnú Tuairiscí Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí ag Príomhoidí.	Líon na dtuairiscí a críochnaíodh.	Gach tuairisc le bheith críochnaithe.	Tuarascáil Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí san áireamh mar chuid de mhiontuairiscí Bhord Bainistíochta.
Tá an fhoireann ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le Cosaint Leanaí.	Tuairiscí Cigireachta. Maoirseacht ar mhiontuairiscí Bhord Bainistíochta.		Chuir an lucht ardbhainistíochta ár scoileanna baill foirne ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i dtaca le cosaint leanaí agus eisítear meabhrúcháin leanúnacha.
Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta.	Líon na mBord Bainistíochta atá oilte.	Gach Bord Bainistíochta a bheith oilte.	Físeán oiliúna ar éiteas agus croíluachanna curtha faoi bhráid na mBord Bainistíochta.
Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt na Reachtaíochta um Chosaint Aosach go náisiúnta agus freagairt a thabhairt dá réir.	Reachtaíocht agus beartas um chosaint aosach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm má ritear an reachtaíocht.	Freagair do thabhairt isteach na reachtaíochta um chosaint aosach má thugtar isteach é.	Cumarsáid leanúnach le léirithe spéise tosaigh.

## 5.2 CUSPÓIR - TACAÍOCHT FOIRNE

<b>TOSAÍOCHT 1: Foireann a earcú agus a choinneáil</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Beartas éifeachtach earcaíochta agus coinneála a chur i bhfeidhm lena n-áirítear cuir chuige nuálacha a úsáid chun iarrthóirí den scoth a mhealladh.</p> <p>Nósanna imeachta promhaidh a chur i bhfeidhm don fhoireann.</p>	<p>Coinneáil foirne.</p> <p>Folúntais fógartha agus líonta laistigh d’achar ama réasúnach.</p> <p>An próiseas ionductúcháin méadaithe le gach ball foirne a chlúdach.</p>	<p>Próisis ionductaithe fheabhsaithe Nósanna imeachta promhaidh curtha i bhfeidhm.</p> <p>ETB Dhún na nGall le bheith ina roghfhostóir sa réigiún.</p>	<p>Cuireadh oiliúint ar fáil ar agallaimh do chomhaltaí an phainéil.</p> <p>Rinneadh dul chun cinn ar chur i bhfeidhm modúl nua ionductaithe Google Classroom atá beartaithe le bheith seolta in 2024.</p>

<b>TOSAÍOCHT 2: Tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le Forbairt Ghairmiúil leanúnach</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Feabhas a chur ar Chumas Gaeilge na heagraíochta.</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne maidir le páirt a ghlacadh sa clár náisiúnta FGL i gCeannaireacht Teagaisc.</p> <p>Déan iniúchadh ar chomhpháirtíocht le EA i dTuaisceart Éireann chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú PEACEPLUS do thionscadal Ceannaireachta Teagaisc trasteorann.</p>	<p>Úsáid na teanga laistigh den eagraíocht agus i ngníomhaíochtaí seachtracha méadaithe. Scoileanna a úsáideann teicnící um Ceannaireacht Teagaisc chun cinn go gníomhach mar chuid den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú.</p>	<p>Idirghabháil FGL Gaeilge d’fhoireann Aird Uí Dhónaill. Nasc le Lónra Leitir Ceanainn chun teacht ar thacaíochtaí.</p> <p>Ocht scoil ag cur na Ceannaireachta Teagascaí chun cinn ina gcuid foghlama, teagaisc agus measúnaithe ar bhonn gníomhach. Maoiniú PEACEPLUS bronnta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ghlac foireann teagaisc i gcúig scoil páirt in oiliúint Ghaeilge.</li> <li>- Aird Uí Dhónaill - críochnaíodh agus leathnaíodh an cúrsa Gaeilge sé seachtaine mar gheall ar spéis leanúnach na foirne.</li> <li>- D’fhreastail Príomhoifigeach Cúnta Seirbhísí Corparáideacha ar sheisiún Lónra Leitir Ceanainn i rith Sheachtain na Gaeilge.</li> <li>- Páipéar coincheapa maidir le moladh PEACEPLUS do thionscadal um Ceannaireacht Teagaisc le hÚdarás Oideachais Thuaisceart Éireann curtha</li> </ul>



Acmhainní breise a lorg le haghaidh Oifigeach na Gaeilge.	Acmhainn bhreise faighte.	Oifigeach na Gaeilge a bheith ceaptha.	isteach agus tá muid ag fanacht leis an scairt. - Tá iarratas déanta ag ETBI chuig an Roinn ar phost um Oifigeach Gaeilge le cinntiú go comhlíontar na reachtaíochta.
Réimse deiseanna foghlama agus tacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne le cur le hacmhainn na heagraíochta agus le cur le caighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna. Feabhas a chur ar chúchóiriú an tsoláthair FGL ar fud na heagraíochta ar fad.	Féilire na ndeiseanna FGL.  Líon na ndaoine a thugann faoi FGL.	Deiseanna FGL den scoth ar fáil ag leibhéal cuí chun freastal ar riachtanais na heagraíochta.	- Cuireadh oiliúint ar fáil ar agallaimh do chomhaltaí an phainéil. - CPD leanúnach rialta san FET. - Síntiús LinkedIn Learning tógtha amach in 2023 agus á leathadh amach don fhoireann ar fad.

<b>TOSAÍOCHT 3: Tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar cheannaireacht ardchaighdeáin san ETB</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Spríoc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Cumas ceannaireachta a fhorbairt laistigh den eagraíocht.</p> <p>Oiliúint a chur ar fáil i gcomhar le ETBI agus soláthraithe seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta.</p> <p>Oiliúint spriocdhírthe a sholáthar do bhainisteoirí dírithe ar mhéadú cumas ceannaireachta laistigh den eagraíocht.</p>	<p>Níos mó daoine ag cur lena gcuid scileanna le dul chun cinn a dhéanamh agus le hardú céime a fháil.</p> <p>Líon na ndaoine a thugann faoin FGL ábhartha.</p> <p>Oiliúint ceannaireachta seachadta.</p>	<p>Plean a chur le chéile chun cumas ceannaireachta a fhorbairt.</p> <p>Plean oiliúna a fhorbairt.</p> <p>Cumas ceannaireachta feabhsaithe.</p>	<p>D'fhreastail ard-Bhainisteoirí ar sheimineár ETB Dhún na nGall.</p> <p>Sonraí Scoil Samhraidh ETBI scaipthe chuig gach Príomhoide Cúnta.</p>

<b>TOSAÍOCHT 4: Eolas ar Shláinte agus Sábháilteacht a chur chun cinn</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Tabhair faoi thorthaí na tuarascála um iniúchadh inmheánach Sláinte agus Sábháilteachta (S&amp;S).</p> <p>An Grúpa Oibre Sláinte agus Sábháilteachta a athbhunú chun é a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos oiriúnaí don fheidhm atá leis.</p> <p>Sainaithe agus tabhair aghaidh ar Riachtanais oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta.</p> <p>Dul i ngleic le bearnaí i soláthar Sláinte agus Sábháilteachta.</p>	<p>Líon na moltaí atá curtha i bhfeidhm.</p> <p>Níos lú timpistí ag tarlú i scoileanna agus ionaid.</p> <p>Líon na Ráiteas Sábháilteachta atá déanta.</p>	<p>Moltaí a chur in ord tosaíochta agus cinntigh go bhfuil gach mír ardriosca curtha i bhfeidhm.</p> <p>Ráitis Sábháilteachta cothrom le dáta a chur i bhfeidhm do gach Scoil, Ionad agus Oifig.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Oifigh agus Ionadaithe Sábháilteachta socruithe agus oiliúint curtha ar fáil.</li> <li>- Oiliúint bhreise curtha ar fáil don fhoireann ar bhonn riachtanas.</li> <li>- Gnólacht S&amp;S seachtrach faighte chun cuidiú le Ráitis Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca ar Ionaid FET a chur i gcrích.</li> <li>- Thug an tOifigeach Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa cuairt ar roinnt scoileanna agus thug sé comhairle do Phríomhoidí.</li> <li>- Tástáil radóin i scoileanna/ionaid.</li> <li>- Conradh cothabhála curtha i bhfeidhm do chothabháil dífhibrileoirí ar fud na heagraíochta.</li> <li>- Nascann Grúpa Oibre Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa ETBI go rialta chun taithí a roinnt agus chun comhoibriú nuair is féidir.</li> </ul>

<b>TOSAÍOCHT 5: Cianobair</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Beartas Oibre Cumaisc a fhorbairt don eagraíocht.</p>	<p>Beartas Oibre Cumaisc forbartha.</p>	<p>Beartas Oibre Cumaisc a bheith forbartha, foilsithe agus curtha i bhfeidhm.</p>	<p>Próiseas iarratais uathobrithe á chur i bhfeidhm.</p>

### 5.3 CUSPÓIR - RIALACHAS

<b>TOSAÍOCHT 1: Rátaí tinrimh ag cruinnithe Boird</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Béim a chur in athuair ar an ghá le freastal ar gach cruinniú Boird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na ETBanna.	Taifid tinrimh.	Tinreamh iomlán ag gach comhalta Boird.	Cuirtear an sprioc seo i gcuimhne do Bhoird gach bliain.

<b>TOSAÍOCHT 2: Féinmheasúnuithe an Bhoird</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Ba chóir don Bhord féinmheasúnú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an cheistneoir atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin.	Féinmheasúnú an Bhoird curtha i gcrích.	Measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil agus aghaidh a thabhairt ar aon réimsí a sainaitníodh le haghaidh feabhsúcháin.	Scaipeadh ceistneoir ar chomhaltaí i Mí na Samhna agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú mhí na Nollag 2023.

<b>TOSAÍOCHT 3: Saineolas airgeadais ar an choiste um Iníúcháireacht agus Riosca agus an coiste Airgeadais</b>			

<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Ba chóir don Bhord ceapacháin ar choistí um Iniúcháireacht agus Riosca agus Airgeadais a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí.</p> <p>Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí iniúcháireachta agus airgeadais atá de dhíth a thabhairt leo chuig an ról.</p>	Saineolas agus taithí chuí airgeadais agus iniúcháireachta ar an Choiste CIR (Coiste Iniúcháireachta agus Riosca) agus an Coiste Airgeadais.	Go mbeadh taithí agus saineolas ar chúrsaí airgeadais agus iniúcháireachta ag na ceapaithe seachtracha ar an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus ar an Choiste Airgeadais.	Tá taithí agus saineolas ar chúrsaí airgeadais agus iniúcháireachta ag na ceapaithe seachtracha ar an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus ar an Choiste Airgeadais.

**TOSAÍOCHT 4: Breithmheas ón Bhord ar obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca**

<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird a chinntiú go dtugtar tuairiscí i scríbhinn do chomhaltaí an Bhoird	Tuairiscí curtha faoi bhráid an Bhoird.	Tuairiscí a chur isteach agus breithmheasanna a thabhairt chun críche go bliantúil.	Bhí miontuairiscí gach cruinniú Coiste curtha faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile i ndiaidh dóibh a bheith faofa.

ar an obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca mar a éilítear faoin Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna.			
---	--	--	--

<b>TOSAÍOCHT 5: Féinmheasúnú á dhéanamh ag an Choiste Airgeadais agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Ba cheart do Chathaoirligh an Choiste Airgeadais agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca araon a chinntiú go ndéantar féinmheasúnú go bliantúil mar is gá faoin Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna.	Féinmheasúnuithe críochnaithe.	Na measúnaithe a dhéanamh go bliantúil agus aghaidh a thabhairt ar aon réimsí aitheanta le haghaidh feabhsúchán.	Measúnuithe ar Chathaoirligh an dá Choiste déanta le linn 2023.

<b>TOSAÍOCHT 6: Forbairt Foirne</b>	
-------------------------------------	--

Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc	Éachtaí
<p>Cinntoidh an Príomhfheidhmeannach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna.</li> <li>- Go ndéanfar anailís ar bhonn bliantúil ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais.</li> <li>- Go bhforbrófar clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais agus go gcuirfear i bhfeidhm é.</li> </ul>	<p>Líon na sealbhóirí buiséid a fuair oiliúint.</p> <p>Líon na gcúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil.</p> <p>Líon na mball foirne atá rannpháirteach in oiliúint.</p>	<p>Deis a thabhairt do gach ball foirne páirt a ghlacadh in oiliúint ábhartha i rith na bliana.</p> <p>Oiliúint sa bhainistíocht airgeadais a bheith á fáil ag gach sealbhóir buiséid scoile/ionaid oiliúint uair amháin i ngach tréimhse trí bliana ar a laghad.</p>	<p>Oiliúint LinkedIn i bhfeidhm, ag cur raon cúrsaí oiliúna ar fáil don fhoireann.</p>

<b>TOSAÍOCHT 7: Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne</b>			
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc	Éachtaí
<p>Cloítear le spriocdhátaí tuairiscithe atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais, ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ag SOLAS, ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.</p>	<p>Comhlíonadh spriocdhátaí.</p> <p>Tuarascálacha úra forbartha ag baint úsáid as feidhmiúlacht bainistíochta feidhmíochta fiontair dinimiciúil (d/EPM).</p>	<p>Iarratas ar Leithdháileadh Maoinithe (ILM), Plean Seirbhíse Bliantúil, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil go léir curtha isteach faoi dhátaí dlite.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú rolladh amach modúl tuairiscithe nua d/EPM chun cumas tuairiscithe agus cinnteoireacht thráthúil a fheabhsú</p> <p>Tuairisciú breise a fhorbairt de bharr an chórais chumaiscthe.</p>	<p>FAR, Plean Seirbhíse, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil curtha isteach laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha.</p>



<b>TOSAÍOCHT 8: Beartas Bainistíochta Riosca</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Ba chóir don Bhord a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá ceaptha chun rioscaí suntasacha a aithint a bhfuil baint acu le baint amach thorthaí an eintitis agus dul i ngleic leo. Ba chóir don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacú leis an Bhord sa ról seo.</p> <p>Clár Riosca Corparáideach a uasdátú go bliantúil ar a laghad.</p>	<p>Beartas Bainistíochta Riosca cothrom le dáta.</p> <p>Clár Riosca Corparáideach uasdátaithe Athbhreithniú ar Bhainistíocht Riosca déanta ag an Bhord / CIR.</p>	<p>Clár Riosca Corparáideach agus Beartas Bainistíochta Riosca ETB Dhún na nGall a uasdátú go bliantúil de réir riachtanas beartais.</p>	<p>Uasdátaíodh an beartas i Márta 2023, uasdátaítear an Clár Riosca Corparáideach gach bliain agus d'fhaomh an CIR agus an Bord é.</p>

<b>TOSAÍOCHT 9: Rialuithe Inmheánacha</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Ba chóir don Bhord a chinntiú go bhfaigheann sé cinnteacht leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag oibriú mar atá beartaithe.</p>	<p>Faigheann an Bord dearbhuithe ón lucht bainistíochta agus ón Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca</p>	<p>Athbhreithníonn CIR agus an Bord an Córas um Rialú Inmheánach gach bliain.</p>	<p>Críochnaíodh é sin mar chuid de phróiseas an Ráitis Airgeadais Bhliantúil i mí Feabhra/Márta 2023.</p>



	maidir le feidhmiú an struchtúir rialaithe inmheánaigh agus déanann sé athbhreithniú orthu.		
--	---	--	--

<b>TOSAÍOCHT 10: Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na heagraíochta atá ag athrú</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Téigh i dteagmháil leis an Roinn Oideachais, RBATNE, SOLAS, agus ETBI chun iarracht a dhéanamh struchtúir eagraíochtúla nua a chur i bhfeidhm le cur ar chumas ETB Dhún na nGall a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh agus feidhmeanna nua agus feabhsaithe a chur i gcrích.</p> <p>An coincheap Coláiste FET na Todhchaí a scrúdú ó thaobh infheistíochta caipitiúla de</p>	Struchtúr eagraíochta is fearr a shainaithint.	<p>Athbhreithniú déanta ar na struchtúir.</p> <p>Céim Dearaidh Eagrúcháin II a chur chun cinn.</p> <p>Straitéis Eastát FET a thabhairt chun críche agus a fhaomhadh.</p> <p>Tuarascáil ar Mheasúnú Straitéiseach a bheith curtha isteach agus faofa ag SOLAS.</p>	Níor chuir an Roinn Oideachais aon acmhainní breise ar fáil chun cuidiú le scoileanna pobail scoile a bhainistiú nuair is léir go bhfuil míoca le fáil go forleathan.

<b>TOSAÍOCHT 11: Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Spríoc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Treoir leanúnach á tabhairt do Phríomhoidí agus do Bhainisteoirí Ionaid / do shealbhóirí buiséid maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní airgeadais agus foirne le seirbhísí ETB a sheachadadh chomh maith agus is féidir.</p> <p>Cur i bhfeidhm iomlán an aistrithe SAP go SUN agus oiliúint a chur ar fáil d'úsáideoirí FET ar chóras airgeadais SUN mar chuid den aistriú ó SAP go SUN.</p> <p>Úsáid méadaithe digitithe le cur leis an táirgiúlacht agus chun inbhuanaitheacht a fheabhsú.</p>	<p>Seirbhísí a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí.</p> <p>Tagann SUN in ionad SAP agus foireann oilte mar is ceart.</p>	<p>Deiseanna a aithint gach bliain chun na cleachtais agus na hacmhainní bainistíochta agus ceannaireachta is fearr a roinnt ar fud na heagraíochta</p> <p>Deireadh le SAP nuair a phróiseálfar gach ordú agus sonrasc atá fós gan íoc. Is é SUN an t-aon chóras a úsáidfear sa todhchaí.</p>	<p>Aistriú SAP go SUN curtha i gcrích, SAP in úsáid do roinnt rudaí teoranta amháin, ar feitheamh cinntí náisiúnta atá riachtanach do na limistéir atá fágtha.</p> <p>Tá an digitiú ar siúl go leanúnach, iarradh ar gach rannóg scrúdú a dhéanamh ar réimsí/próisis ar féidir a digitiú.</p> <p>TF agus Seirbhísí Corparáideacha lena n-áirítear Foirgnimh go hiomlán digitithe. Leanann obair ar aghaidh i rannóga eile.</p>
<p>Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Aistriú chuig Seirbhísí Roinnte Párolla curtha i gcrích.</p>	<p>Aistriú a bheith curtha i gcrích agus cloítear i gcónaí le spriocdhátaí íocaíochta.</p>	<p>An chéad chéim críochnaithe (aistriú párolla míosúil go párolla coicíse), is é Feabhra 2024 an sprioc reatha don aistriú go Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais.</p>
<p>Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais a chur chun cinn.</p>	<p>Aistriú go dtí Seirbhísí Airgeadas Comhroinnte curtha chun cinn,</p>	<p>Cur chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an aistriú</p>	<p>Dheonaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus roghnaíodh iad le páirt a ghlacadh i Sruth</p>

	athbhreithniú déanta ar phróisis ghnó.	chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.	3 den tionscadal, a rachaidh ar aghaidh sna chéad 6-8 mí de 2024.
Soláthar leanúnach na háise do Chártaí Ceannaithe na hEanála Poiblí (nó a mhacasamhail) a chinntiú d'úsáideoirí seirbhíse i ndiaidh do Bhanc Uladh tarraingt siar ó mhargadh na hÉireann.	Soláthraí/soláthraithe eile faighte.	Aistriú saoráideach chuig seirbhís eile.	Ba é ETB Dhún na nGall an suíomh píolótach san earnáil ETB don tionscadal seo agus tá sé tar éis an Cárta Ceannaithe nua a chur beo.
Athbhreithniú ar acmhainní TFC d'fhonn comhtháthú a dhéanamh ar fud na Stiúrthóireachtaí go léir.	Grúpa Oibre TFC bunaithe.	Plean Gníomhaíochta a fhorbairt do straitéis TFC chomhtháite.	Díríodh i mbliana ar Chibearshlándaíl agus bhí rannpháirtíocht i gceist le roinnt tionscadal náisiúnta.

## TOSAÍOCHT 12: Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh

Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc	Éachtaí
<p>Straitéis chumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbairt do ETB Dhún na nGall.</p> <p>Grúpa Comhairleach Cumarsáide chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí cumarsáide.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis margáíochta FET.</p>	<p>Tuigbheáil fheabhsaithe laistigh den phobal áitiúil ar an raon seirbhísí atá á gcur ar fáil ag ETB Dhún na nGall.</p> <p>Suíomh gréasáin neamhspleách FET agus straitéis mhargaíochta a chruthú i gcomhréir le Straitéis FET don Todhchaí agus le coincheap Choláiste FET don Todhchaí.</p>	<p>Dréachtstraitéis chumarsáide a chruthú.</p> <p>Suíomh gréasáin nua FET a sheoladh agus straitéis mhargaíochta FET a chur le chéile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tá cainteanna ar siúl maidir le Straitéis Chumarsáide a fhorbairt.</li> <li>- Ball foirne ag freastal ar Chúrsa Teastas Cumarsáide ETBI IÉCP (Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí).</li> <li>- Cás gnó maidir le hacmhainn Cumarsáide tiomnaithe curtha isteach lena cheadú.</li> </ul>

Athbheithniú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall.	Suíomh gréasáin coinnithe suas chun dáta.	An suíomh gréasáin a bheith coinnithe suas chun dáta agus athbheithniú a dhéanamh air go rialta.	Athchóiriú déanta ar an rannán Beartais den suíomh gréasáin, rud a chinnteoidh córas aisghabhála beartais níos so-úsáidte. Déantar beartais a bhainistiú go gníomhach anois ag an Rannóg Chomhlíontachta laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha.
Feabhas a chur ar phróifíl ETB Dhún na nGall laistigh den phobal.	Láithreacht ar na meáin shóisialta agus táscairí staitistiúla méadaithe.	1,500 mír mheáin a bhaint amach thar na meáin chlóite, chraolta agus ar líne. Ar a laghad 12 phreasráiteas a fhoilsiú. 24 blag a fhoilsiú in 2023 chun ionadaíocht a dhéanamh ar gach cuid den eagraíocht. Ag iarraidh 200,000 úsáideoir láithreán gréasáin a mhealladh. Fás ar phríomh-mhéadracht na meán sóisialta.	Leanúint le láithreacht ar líne a chur chun cinn. <ul style="list-style-type: none"> <li>- 2,449 mír mheáin bainte amach thar na meáin chlóite, chraolta agus ar líne in 2023.</li> <li>- 25 preasráiteas foilsithe.</li> <li>- 24 blag foilsithe in 2023 agus ionadaíocht déanta ar gach cuid den eagraíocht.</li> </ul>
Cloí le riachtanais na Gaeilge mar atá leagtha amach in Alt 10.1 (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla	Céatadán d'fhógraí déanta as Gaeilge.  Céatadán den bhuiséad caite ar na meáin Ghaeilge.	20% de na fógraí a dhéanamh as Gaeilge.  5% den bhuiséad a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.	Sprioc 20% bainte amach.  Grúpa cumarsáide ag obair ar bhealaí le dul i ngleic le comhlíonadh iomlán.

**TOSAÍOCHT 13: Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha**

Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
-------	-----------------------	--------	---------

Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar gach Comhaontú Leibhéal Seirbhíse a bhfuil athbhreithniú / athnuachan le déanamh orthu in 2023	Athbhreithnithe déanta agus Meabhráin Tuisceana (MTanna) nua sínithe.	Meabhrán Tuisceana le Comhairle Contae Dhún na nGall a bhunú.  Athbhreithniú agus uasdátú déanta ar gach Comhaontú Leibhéal Seirbhíse.	Síníodh MT leis an Chomhairle i mí na Bealtaine.
Cinntigh go bhfuil Comhaontú Leibhéal Seirbhíse/MT i bhfeidhm do thionscnaimh nua nuair is gá agus go ndéantar comhaontuithe reatha a uasdátú go tráthúil.	Tá gach comhaontú le sealbhóirí seachtracha cothrom le dáta agus athbhreithnithe.	Spriocanna 2023 a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i gComhaontú Straitéiseach Feidhmíochta le SOLAS. Athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais ar bhonn rialta.	Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais uasdátaithe agus sínithe. Cruinniú athbhreithnithe déanta leis an Roinn Oideachais i mí Feabhra.

<b>TOSAÍOCHT 14: Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Leanúint ag cur le bonneagar cibearshlándála ETB Dhún na nGall.	Níl aon chailteanas/goid sonraí mar thoradh ar chibirionsaí.	A chinntiú go ndéantar sonraí ETB Dhún na nGall a chosaint a oiread agus is féidir.	Cuireadh oiliúint ar fáil.
Feidhm Cosanta Sonraí (CS) Tiomnaithe i bhfeidhm agus oiliúint curtha ar fáil.	Líon na sáruithe sonraí a tuairiscíodh.	Sáruithe sonraí a logáil mar Tuairiscithe agus Neamhthuairiscithe. Nach mbeadh gá le sáruithe ardriosca ar shonraí a thuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Eisítear oiliúint ar Chosaint Sonraí gach bliain don fhoireann ar fad.</li> <li>- Tacaíocht curtha ar fáil do bhainisteoirí agus don fhoireann de réir mar is gá.</li> <li>- Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí agus Comhaontuithe Próiseála Sonraí i bhfeidhm.</li> <li>- Mapáil Sonraí déanta go bliantúil.</li> </ul>

--	--	--	--

<b>TOSAÍOCHT 15: Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostóirí agus le comhlachtaí fostóra</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Oibriú i gcomhar leis na fostóirí/comhlachtaí fostóra ábhartha go léir chun riachtanais oiliúna a aithint go héifeachtach agus chun an uasoiliúint riachtanach a sholáthar. Freagairt do riachtanais athraitheacha an tionscail a eascraíonn as dul chun cinn na teicneolaíochta agus dul chun cinn eile.</p> <p>Caidrimh dhearfacha a choinneáil chun taithí oibre agus socrúcháin oibre a shocrú do scoláirí ETB Dhún na nGall.</p>	<p>Líon méadaithe fostóirí a úsáideann ár gcláir oiliúna.</p> <p>Líon méadaithe fostóirí a chuireann taithí oibre ar fáil.</p> <p>Eolas agus feasacht níos fearr ar an mhéid is féidir le ETB Dhún na nGall a thairiscint d'fhostóirí.</p> <p>Páirt a ghlacadh in imeachtaí Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla.</p>	<p>Deiseanna líonraithe a mhéadú ag imeachtaí/cruinnithe CGFÉ agus Comhlachas Tráchtála Leitir Ceanainn.</p> <p>Naisc a mhéadú le Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla.</p>	<p>Leanann ETB Dhún na nGall ar aghaidh ag déanamh gach iarracht dul i dteagmháil le grúpaí agus comhlachtaí ionadaíochá tionscail chomh maith le freastal ar an oiread sin imeachtaí ábhartha agus is féidir e.g. Dámhachtainí Chomhlachas Leitir Ceanainn, Imeachtaí Invest in the North West, imeachtaí CGFÉ, cruinnithe Braisle Scileanna Réigiúnacha, cruinnithe agus imeachtaí Oifig Fiontair Áitiúil etc.</p>

<p>Oibriú i gcomhar le Fóram Scileanna Réigiúnach/ Fiontar Éireann/Aonad Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall/GFT/Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)/ICBAN/ Feidhmeannas Braisle Innealtóireachta/Plean Fiontair Réigiúnach an Iarthuisirt /Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair</p>	<p>Líon fostaithe sa chontae atá rannpháirteach i gcúrsaí Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus i gcúrsaí atá díoltóir-deimhnithe.</p>	<p>Cláir a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlaimoirí agus tionscail.</p> <p>Líon na dtairbhith FET a théann trí Scileanna chun Cinn a mhéadú faoi 5%.</p>	<p>Déanann baill foirne na Seirbhíse FET agus an Príomhfheidhmeannach ionadaíocht thar ceann ETB Dhún na nGall ar go leor grúpaí agus fóram réigiúnach. Tá sé beartaithe go n-ardóidh líon na scoláirí Scileanna chun Dul Chun Cinn thar an sprioc de 5%.</p>
<p>Dianteamháil le fostóirí in earnálacha tábhachtacha i nGnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus cuideachtaí ilnáisiúnta e.g. an earnáil innealtóireachta agus teicneolaíochta d'fhonn cláir FET nua a fhorbairt agus uasoiliúint a chur ar an fhórsa saothair atá ann cheana, lena n-áirítear deiseanna foghlama ar líne agus deiseanna foghlama cumaisc a sholáthar.</p>	<p>Cláir atá deartha chun freastal ar riachtanais deiseanna fostaíochta forbartha lucht saothair sa chontae.</p> <p>Deiseanna foghlama ar líne agus cumaisc a sheachadadh chun freastal ar riachtanais an tionscail, lena n-áirítear uasoiliúint a chur ar fhostaithe reatha.</p> <p>Forbairt leanúnach ar chaidrimh dhearfacha le hearnáil na tionsclaíochta.</p>	<p>Méadú ar líon agus cineálacha cuideachtaí a dtéitear i dteagmháil leo.</p> <p>Méadú ar líon na ndeiseanna a chuirtear ar fáil d'fhostaithe in earnáil na tionsclaíochta e.g. scileanna glasa, bainistíocht mhaoirseachta, cianobair, foghlaim obairbhunaithe, innealtóireacht, Scileanna don Todhchaí.</p>	<p>Cúrsaí i scileanna glasa, Foghlaim Obairbhunaithe, scileanna innealtóireachta agus scileanna sa todhchaí ar fad ar siúl. Ghlac breis is caoga comhlacht páirt sa chúrsa Foghlama Obairbhunaithe go dtí seo.</p>

<b>TOSAÍOCHT 16: Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Caidrimh atá bunaithe cheana féin le grúpaí pobail áitiúla agus le fostóirí áitiúla agus le heagraíochtaí deonacha, reachtúla, trasteorann agus eagraíochtaí ábhartha eile a fhorbairt chun oibriú i dtreo spriocanna comhroinnte: CCDG, OTA, Údarás na Gaeltachta, CGFÉ, GGMDG, An Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt (BOTI), ICBAN.</p>	<p>MT/Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse sínithe.</p> <p>Tionscadail shonracha comhaontaithe le páirtithe leasmhara éagsúla agus pleananna oibre agus spriocanna leagtha amach.</p> <p>Acmhainní cuí a leithdháileadh, más infheidhme.</p> <p>Iarratais ar mhaoiniú PEACEPLUS/Oileán Comhroinnte le cur san áireamh.</p> <p>Torthaí measúnaithe i gcoinne spriocanna comhroinnte. Méadú ar líon na bhfostóirí a bhíonn i dteagmháil lenár n-aonad fiontair.</p> <p>Gníomhartha bainte amach i bPlean Fiontar Réigiúnach an Iarthuaiscirt.</p> <p>Páirt a ghlacadh in imeachtaí chun Dún na</p>	<p>MT a shíniú le Comhairle Contae Dhún na nGall.</p> <p>Grúpa oibre a bhunú chun gníomhartha le hÚdarás na Gaeltachta faoi MT a chur ar aghaidh.</p> <p>Gníomhaíochtaí a chur i gcrích faoi 4 ghrúpa oibre ICBAN.</p> <p>MT le comhpháirtithe Bhraisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt a athshíniú agus plean oibre a chur chun cinn.</p> <p>Comhoibriú OTA a chur chun cinn: printíseacht oibriú miotail agus braisle treasach píolótach RBOAOTNE.</p> <p>Feabhas a chur ar an eolas ar oiliúint scileanna a chuirtear ar fáil ag cruinnithe réigiúnacha CGFÉ.</p> <p>Gníomhaíochtaí atá tugtha d’ETB Dhún na nGall mar chuid de Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch Réigiún an Iarthuaiscirt a thabhairt chun críche.</p> <p>Páirt a ghlacadh, de réir mar is gá, in imeachtaí chun an réigiún a chur chun cinn.</p>	<p>Síníodh Meabhrán Tuisceana le Comhairle Contae Dhún na nGall i mí na Bealtaine.</p> <p>Sainaithníodh suíomh chun an Cúrsa Oibriú Miotail a sheachadadh.</p> <p>Tá tús curtha le pleanáil do shuíomh nua leis an OTA.</p> <p>Seoladh Céimeanna Treasacha nua in 2023 le OTA.</p> <p>Cainteanna ar Oileán Comhroinnte maidir le plean oibre Bhraisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt ar siúl.</p> <p>Páipéir choincheapa curtha faoi bhráid Chlár Speisialta AE maidir le PEACEPLUS. Cruinnithe ag leanúint ar aghaidh maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch Réigiún an Iarthuaiscirt.</p>



	nGall agus an tIarlthuaisceart a chur chun cinn arna n-eagrú ag comhairlí cuí, Fiontraíocht Éireann, GFT etc.	Rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht Síochána Chomhairle Contae Dhún na nGall.	
--	---	--	--

<b>TOSAÍOCHT 17: Dea-chleachtas a leanúint ó thaobh soláthair de</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
Beartas Soláthair uasdátaithe a chur i bhfeidhm de réir dea-chleachtas.	Laghdú luach an tsoláthair neamhchomhlíonta.	Luach an tsoláthair neamhchomhlíonta a laghdú.	Tá athbhreithniú déanta ar Bheartas Soláthair ETBI athbhreithnithe.
Smaoinigh faoi thionscnaimh nua chun comhlíonadh soláthair a fheabhsú.	Tionscnaimh nua curtha i bhfeidhm e.g. ‘Cruinnithe faisnéise tairgeoirí’ a óstáil chun rannpháirtíocht agus tuiscint ar riachtanais sholáthair na hearnála poiblí i measc soláthróirí a fheabhsú.  Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh curtha i bhfeidhm.	Moltaí ó Iniúchadh Inmheánach Soláthair a chur i bhfeidhm.	Mar gheall ar roinnt forbairtí ar Sholáthar le linn 2023 (méadú ar thairseacha ó 25k go 50k de réir an Chiorcláin nua, cur i bhfeidhm Airteagal 5.2 maidir le caiteachas a imdhealú agus ETB Dhún na nGall ag díriú ar réimsí neamhchomhlíonta in 2022, tá feabhas suntasach tagtha ar neamhchomhlíonadh le linn 2023.

<b>TOSAÍOCHT 18: Cuidiú leis an Roinn Oideachais, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta</b>			
<b>Beart</b>	<b>Táscaire Feidhmíochta</b>	<b>Sprioc</b>	<b>Éachtaí</b>
<p>Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga a bhunú chun cuidiú le tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le leanaí ón Úcráin a chur i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.</p> <p>Acmhainní cuí a sholáthar chun oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile chun seirbhísí cuí a sholáthar do theifigh agus iarrthóirí tearmainn.</p>	<p>Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga a earcú.</p> <p>Comhtháthú agus dul chun cinn chuig cláir phríomhshrutha.</p> <p>Soláthar cuí i bhfeidhm do phobail nua de réir mar is gá.</p>	<p>Gach tacaíocht riachtanach a chur ar fáil</p>	<p>Earcaíodh beirt chomhordaitheoirí den Fhoireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga agus tá siad ag leanúint ar aghaidh ag obair sa réimse seo.</p>

## 5.4 CUSPÓIR - Tosaíochtaí Straitéiseacha Sonracha

Chomh maith leis na spriocanna agus na tosaíochtaí atá comhaontaithe go náisiúnta thuas, cuireadh tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas d’ETB Dhún na nGall nó cuireadh chun cinn iad le linn 2023 chun dul chun cinn an Ráitis Straitéise san iomlán a chinntiú:

Cuspóir	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
<b>Tionsca dail Chaipitil</b>	Tabhair faoi sholáthar scoile i mBun Cranncha.	Oibrigh leis an Roinn Oideachais chun an tionscadal tógála a chur chun cinn.	An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile na Roinne Oideachais.	Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha.	Tá dearadh an champais nua á chur chun cinn faoi láthair.
	Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn.	Tionscadal maidir le síneadh mór (Cineachta) 9,000m <sup>2</sup> .	An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile na Roinne Oideachais.	Chun freastal ar rollú réamh-mheasta fadtéarmach de 750 dalta.	Ag fanacht le cead pleanála.
	Coláiste Pobail Bhun an Phobail.	Tionscadal maidir le síneadh mór (Cineachta) 5,000m <sup>2</sup> .	An tionscadal a chur chun cinn trí chéimeanna thionscadal tógála scoile na Roinne Oideachais.	Chun freastal ar rollú réamh-mheasta fadtéarmach de 550 dalta.	Cléireach oibreacha ceaptha chuig an tionscadal seo.
<b>Obair don Ógra</b>	Leathnú, feabhsú agus tacaíocht a thabhairt do Sholáthar Oibre don	Leanúint ar aghaidh ag tacú le gach soláthar óige atá bunaithe cheana féin lena n-áirítear clubanna óige faoi stiúir oibrithe deonacha.	Fás ar líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht trí ghníomhaíochtaí óige éagsúla (Clubanna Óige, Lárionaid Eolais	Méadú ar líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht, infheistíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí óige.	Próifíliú Ceantair críochnaithe don réigiún.  Idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh le páirtithe leasmhara in Earnáil na hOibre don Ógra.

Cuspóir	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
	Ógra i gceantar ETB Dhún na nGall.	Obair idirghníomhaireachta trí Choiste Oibre don Ógra ETB Dhún na nGall, CSLDÓ, Comhairle Óige Dhún na nGall agus FSS.  Freastal go comhoibríoch ar riachtanais leanaí agus daoine óga trí obair don ógra agus modheolaíochtaí éifeachtacha eile.	don Ógra, tionscadail D'Áit Do Spás).  Cruinnithe Athbhreithnithe um Pleanáil agus Dul Chun Cinn a reáchtáladh le hEagraíochtaí Óige atá maoinithe ag D'Áit Do Spás, chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar sheachadadh na Seirbhíse D'Áit Do Spás.		Tá breithniú leanúnach á dhéanamh ar mholtaí ag éirí as an phróiseas iniúchta inmheánaigh.
<b>Inbhuanaitheacht /Éifeachtúlacht Fuinnimh</b>	Straitéis agus Beartas Bainistíochta Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta a chur le chéile.	Cleachtadh scóipe a dhéanamh ar bhainistíocht fuinnimh agus inbhuanaitheacht ar fud na heagraíochta.  Inbhuanaitheacht a chur san áireamh / cúram don chomhshaol mar chatagóir scórála i soláthairtí ábhartha.	Plean gníomhaíochta do thionscnaimh bainistíochta fuinnimh/inbhuanaitheachta do 2023 a chur le chéile.  Sonraí ídithe fuinnimh.	Díreoidh an grúpa oibre ar dhul chun cinn sna réimsí seo a leanas: - Feasacht. - Laghdú ar ídiú fuinnimh agus astuithe. - Digitíú. - Foinsí maoinithe a aithint. - Deiseanna comhoibríthe a aithint go himmheánach agus go seachtrach le comhlachtaí eile. - ETB Dhún na nGall a bheith mar sholáthraí oiliúna maidir	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tá Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh aitheanta.</li> <li>- Grúpa sinsearach bainistíochta um Aeráid, Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht bunaithe agus buaileann siad le chéile go rialta.</li> <li>- Tá Grúpa Oibre Fuinnimh inmheánach bunaithe fosta agus tagann sé le chéile go rialta chun dul chun cinn a dhéanamh ar laghdú ar ídiú fuinnimh agus astuithe.</li> <li>- Tá Curaidh Fuinnimh aitheanta do gach scoil agus ionad.</li> </ul>

Cuspóir	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc	Éachtaí
				le hinbhuanaitheacht / éifeachtúlacht fuinnimh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Scoileanna ag freastal ar Chúrsaí Fuinnimh an ÚFIÉ.</li> <li>- Lá Eolais ar siúl do gach bainisteoir agus foireann airíochais i Leitir Ceanainn, arna éascú ag Aengus Kennedy.</li> <li>- Tuairisceáin úsáide an ÚFIÉ comhlánaithe.</li> <li>- Clár na bhFoirgneamh agus Plean Stoc na bhFoirgneamh á gcruthú chun cuidiú le húsáid in aghaidh na láithreach a aithint.</li> <li>- Bearna go Spríoc á forbairt.</li> </ul>
<b>Pobalscoileanna Náisiúnta</b>	Leanúint ar aghaidh ag tomhas an ghá atá le roghanna eile pátrúnachta maidir le bunscoileanna.	Monatóireacht a dhéanamh ar an ghá atá leis an socrú pátrúnachta úr seo trí bhualadh le pátrúin atá ann cheana agus an tsamhail Pobalscoile Náisiúnta (PN) a chur chun cinn.	Freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin a fhaightear trí bhualadh le páirtithe ábhartha agus tuilleadh faisnéise a thabhairt arna iarraidh sin.	Freastal ar aon riachtanas aitheanta do Phobalscoileanna Náisiúnta.	Cumarsáid leanúnach le léirithe spéise tosaigh.
<b>Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall</b>	Cur le creatlach cultúrtha an Chontae.	<p>Tacaíocht leanúnach do sheachadadh ceachtanna.</p> <p>Tacaíocht do thuilleadh forbartha ar chlár na mbunscoileanna.</p> <p>Feasacht a mhéadú trí phróifíl na meán sóisialta.</p>	<p>Líon méadaithe daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile rannpháirteach.</p> <p>Rannpháirtíocht mhéadaithe ar na meáin shóisialta agus méadú ar líon na</p>	<p>Méadú 5% ar líon teagaisc in 2022-2023 a chur ar fáil.</p> <p>Lucht leanúna na meán sóisialta a mhéadú in 2023.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Clár Ucailéile ag dul ar aghaidh i mbunscoileanna.</li> <li>- Tionscadal píolótach i Scoil Náisiúnta Thalamh na Coille.</li> <li>- I mí an Mhárta, sheinn Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall ag ócáid Music Generation i mBaile Átha Cliath do thart ar 1,000 ceoltóir óg ó cheann ceann na tíre.</li> </ul>

Cuspóir	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Spríoc	Éachtaí
			ndaoinne a bhaineann leas as an tseirbhís.		<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tá an COCDG ag cur tús le tionscadal práis nua i Scoil Mhuire sna Gleannta le cuidiú ó Music Generation.</li> <li>- Chríochnaigh Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall bliain ghnóthach agus rathúil lena gceolchoirm ‘Festive Treats’ a bhí díolta amach ag Teach Chnoc na Carraige i mí na Nollag.</li> </ul>
<b>Drugaí agus Alcól</b>	Sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chosaint.  Na dochair a dhéanann úsáid agus mí-úsáid substaintí a íoslaghdú.	Taighde, dearadh agus seachadadh a dhéanamh ar raon cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí i Réigiún an Iarthuaiscirt chun aghaidh a thabhairt ar an ghá atá le huasoiliúint, athnuachan eolais agus feabhsú scileanna forbartha gairmiúla, riachtanais oideachais agus oiliúna laistigh den fhoireann ghairmiúil túslíne. Cuspóirí oiliúna náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le halcól agus drugaí eile.	A fhad agus a théann cumarsáid trí líonraí / comhpháirtíocht agus páirtithe leasmhara éagsúla.	Rochtain fheabhsaithe do gach duine tríd an teicneolaíocht.	Cúrsaí éagsúla á seachadadh maidir le Drugaí agus Alcól a chur chun cinn agus sláinte agus folláine a chosaint agus an dochar a dhéanann mí-úsáid substaintí a laghdú.
	Tacú le rannpháirtíocht daoine aonair,	Gearrchúrsaí a dhearadh agus a sheachadadh atá ar fáil do bhaill den phobal agus dóibh siúd atá ag bisiú chomh maith le	Líon na rannpháirtithe ar chúrsaí oiliúna éagsúla.	Aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus gairmithe a choinneáil ar an eolas fúthu trí dheiseanna oiliúna.	Seachadadh leanúnach cúrsaí chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail.

Cuspóir	Tosaíocht	Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc	Éachtaí
	teaghlaigh agus pobail	gairmithe chun cur le scileanna eolais agus chun eolas a dhéanamh d'athruithe agus cuir chuige i leith na saincheisteanna.	Aiseolas foghlaimeora.		
<b>Míoca agus Scoilean na atá Buailte</b>	Acmhainní Breise a lorg chun Tacú le Scoláirí agus Baill Foirne	Dul i dteagmháil le hoifigigh na Roinne Oideachais chun na hacmhainní breise riachtanacha a lorg chun tacú le scoláirí agus leis an fhoireann.	Leithdháileadh acmhainní a chur chun cinn.	Tacaíocht mhéadaithe ar fáil sna scoileanna atá buailte.	Níor chuir an Roinn Oideachais aon acmhainní breise ar fáil chun cuidiú le scoileanna pobail scoile a bhainistiú nuair is léir go bhfuil míoca le fáil go forleathan.

## Gluais Acrainmneacha agus Téarmaí

### Acrainmneacha

CIR	An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
OTA	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
BB	Bord Bainistíochta
CTR	Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta
CLR	Comhairleoir
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CSLDÓ	Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
CCDG	Comhairle Contae Dhún na nGall
OCBÁC	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
dEPM	Bainistíocht Feidhmíochta Fiontair Dinimiciúil
RBOAOTNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
COCDG	Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall
GGMDG	Gréasán Gnó Mhná Dhún na nGall
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETBI	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
CGFÉ	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
GFT	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
ICBAN	Líonra Limistéar Teorann Láir na hÉireann
MT	Meabhrán Tuisceana
IOOA	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh



SAP	Córais Bhainistíochta Airgeadais SAP
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SUN	Córais Bhainistíochta Airgeadais SUN

**Téarmaí**

Tuismitheoir – tagraíonn sé do thuismitheoir nó caomhnóir

Scoláire – tagraíonn sé do scoláire/foghlaiméir